



Eleathanach 362



Dé Luain, an 12 Deireadh Fómhair 2020



Speiceas Nua Dineasáir



D'aimsigh eolaithe ó Shasana speiceas nua dineasáir sa Ghaineamhlach Ghóibí sa Mhongóil. Bhí an dineasár seo beo timpeall 69 milliún bliain ó shin.

D'aimsigh na heolaithe cúpla cnámharlach! Oksoke Avarsan is ainm don dineasár. Ní raibh aon fhiacail ag an Oksoke Avarsan agus ní raibh ach dhá mhéar aige.

Chónaigh siad le chéile i ngrúpaí agus bhí siad cosúil le pearóidí. Tá físeán deas anseo faoin Oksoke Avarsan.

<https://www.independent.co.uk/news/science/dinosaur-new-species-fossils-parrot-mongolia-oksoke-avarsan-b836020.html>

Cnámharlach



Forgivemoji

Bíonn sé deacair "Tá brón orm," a rá. Agus uaireanta bíonn sé níos deacra "maithim duit" a rá.

Tá feachtas nua tosaithe san Fhionlainn - #forgivemoji. Cabhróidh an emoji seo le daoine agus iad ag iarraidh "maithim duit" a rá.

Thosaigh na siombailí seo - emojis - sa bhliain 1999.

The Great British Bake Off

Tá an clár seo ar ais ar an teilifís arís. Bhí ar na hiomaitheoirí arán a bhácáil an tseachtain seo caite. D'éirigh go maith leo!

Is iad Prue Leith agus Paul Hollywood na moltóirí anois. Is iad Matt Lucas agus Noel Fielding na láithreoirí.

Reimhe seo ba mholtóir í Mary Berry ar an gclár. Is cócaire í Mary. Scríobh sí 75 leabhar cócaireachta. Is é *Baking Bible* an leabhar is cáiliúla.

